



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséal, 31.1.2012
COIM(2012) 34 leagan deireanach

2008/0183 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis

seasamh na Comhairle ar ghlacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle maidir le táirgí bia a dháileadh ar na daoine is díothaí san Aontas

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir le

seasamh na Comhairle ar ghlacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle maidir le táirgí bia a dháileadh ar na daoine is díothaí san Aontas

1. RÉAMHEOLAS

An dáta a seoladh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle

(doiciméad COM(2008)563 críochnaitheach – 2008/183 COD): 25 Meán Fómhair 2008.

An dáta a tugadh an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa:

20 Eanáir 2011.

Dáta sheasamh Parlaimint na hEorpa, ar an gcéad léamh:

26 Márta 2009.

An dáta a seoladh na tograí leasaithe:

17 Meán Fómhair 2010

3 Deireadh Fómhair 2011.

An dáta a glacadh seasamh na Comhairle:

23 Eanáir 2012
(tuartha).

2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Bunaíodh Scéim an AE le haghaidh na nDaoine is Díothaí sa bhliain 1987, scéim lenar ceadáíodh do Bhallstáit stoic idirghabhála poiblí a chur ar fáil mar chúnaimh bia. Os rud é go bhfuil athrú mór tagtha ar idirghabháil an mhargaidh idir an dá linn, tá sé ina chuspóir ag togra seo an Choimisiúin an scéim a chur in oiriúint don staid nua ina bhfuil an CBT. Dhéanfaí sin trí stoic idirghabhála a laghdú agus an dá fhoinsé nua soláthair (idirghabháil agus ceannacháin ar an margadh, agus tosaíocht ag an idirghabháil) a thabhairt isteach. Díríonn an togra freisin ar chothú cothrom a fheabhsú maidir le táirgí a sholáthraítear faoin scéim (fáil ar réimse níos leithne éagsúlachta bia le dáileadh; gnéithe cothaitheacha curtha san áireamh).

Sa tuairim uaithi, mhol Parlaimint na hEorpa go láidir go gcoinneofaí cistiú iomlán an Aontais i gcomhair na scéime seo. Tá iarraidh den chineál céanna sa tuairim a fuarthas ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Dá bhrí sin, cuireann an togra leasaithe is déanaí ón gCoimisiún cistiú AE 100 % agus uasmhéid bliantúil de €500 milliún ar fáil. Is ar bhonn an

mholta ó Pharlaimint na hEorpa a tugadh isteach an ghné a bhaineann le táirgí bia de thionscnamh an Aontais. Bhí an bunús céanna le hincháilitheacht costas stórála a bhfuil nasc díreach acu le cur chun feidhme na scéime féin.

I bhfianaise an mhéid a chuidíonn cláir um dháileadh bia chun spriocanna an Chomhbheartais Talmhaíochta a bhaint amach agus chun comhtháthú sóisialta an Aontais a neartú freisin, mhol an Coimisiún bunús dlí dúbailte (Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) maille le hAirteagal 175(3)).

De bhreis air sin, déantar foráil sa togra d'ailíniú na mbeart molta le forálacha Chonradh Liospóin maidir le gníomhartha tarmlogthe agus gníomhartha cur chun feidhme.

3. BARÚLACHA FAOI SHEASAMH NA COMHAIRLE

3.1 Barúlacha ginearálta maidir le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh.

Is féidir leis an gCoimisiún glacadh le seasamh na Comhairle, seasamh atá mar thoradh ar chaibidlíocht dhearfach idir na trí institiúid. Tagann an seasamh sin le bunchuspóirí agus le bunchur chuige an togra leasaithe ón gCoimisiún.

3.2 Comhaontú ag céim sheasamh na Comhairle

Tá seasamh na Comhairle mar thoradh ar dhianchaibidlíocht idir-rialtasach agus idirinstiúideach a tharla mar gur ghlac Parlaimint na hEorpa lena seasamh ar an gcéad léamh an 26 Márta 2009. De thoradh cruinnithe teicniúla agus neamhfhoirmeálta thángthas ar chomhréiteach maidir le roinnt ceistanna a bhí gan socrú, ba iad sin an bunús dlí agus céimniú amach na scéime tar éis 2013. Bunaithe ar an gcomhréiteach seo, an 28 Samhain agus an 5 Nollaig 2011, chuir Uachtaránacht na Polainne doiciméad comhréitigh i láthair an Choiste Speisialta Talmhaíochta, doiciméad a bhí bunaithe den chuid is mó ar an dara togra leasaithe ón gCoimisiún (COM(2011) 634 críochnaitheach). Ag an am céanna, d'eisigh an Coimisiún dearbhú, ag tabhairt dá aire an comhaontú ón nGéarmáin agus ón bhFrainc maidir le todhchaí na scéime agus an tréimhse i ndiaidh 2013.

Le linn comhráite tríthaobhacha a tharla ar an 6 Nollaig 2011, thug Parlaimint na hEorpa le fios gur thacaigh sí go láidir leis go leanfaí ar aghaidh leis an gclár. Rinne COMAGRI formheas foirmeálta ar an seasamh seo an 12 Nollaig 2011, agus moladh chomh maith do Pharlaimint na hEorpa glacadh leis an gcomhréiteach a moladh sa dara léamh. Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil an 15 Nollaig 2011 faoi leanúint ar aghaidh leis an scéim idir seo agus 2013. Tá sé beartaithe seasamh na Comhairle sa chéad léamh a ghlacadh an 23 Eanáir 2012.

Seo a leanas príomhfhórlacha an chláir athbhreithnithe:

- Déanfar foinse rialta soláthair de cheannacháin an mhargaidh don chlár chun cur leis na stoic idirghabhála. Thabharfaí tosaíocht fós, áfach, do tháirgí oiriúnacha ó na stoic idirghabhála nuair atá siad ar fáil.
- Leanfar den scéim a chistiú ina hiomláine as buiséad an AE le huasmhéid €500 milliún in aghaidh na bliana buiséid.
- Roghnóidh na Ballstáit na táirgí bia ar bhonn critéar oibiachtúil, lena n-áirítear luachanna cothaitheacha agus oiriúnacht chun críche dailte.

- Féadfaidh Ballstáit tosaíocht a thabhairt do tháirgí bia de thionscnamh an Aontais.
- Féadfar na costais stórála a íocann na carthanachtaí a aisíoc.

Seo a leanas príomhphointí an chomhréitigh, a ndearna na trí instiúid caibidlíocht orthu agus a chomhaontú:

- Críochnóidh an scéim reatha tar éis tréimhse céimnithe amach, a thiocthadh chun deiridh ar chomhlánú phlean bliantúil 2013.
- Níl athrú ar bhunús dlí Chlár an AE le haghaidh na nDaoine is Díothaí (Airteagal 42 agus Airteagal 43(2)) feadh na tréimhse céimnithe amach.
- Cur i bhfeidhm aisghníomhach ón 1 Eanáir 2012.
- Ar mhaithe le teacht ar chomhaontú, ní áirítear go heisceachtúil na forálacha maidir leis an ailíniú le Conradh Liospóin, rud a fhágann go mbeidh feidhm i gcónaí leis na rialacha cur chun feidhme reatha.

4. DEARBHUITHE ÓN gCOIMISIÚN AGUS Ó NA BALLSTÁIT

Tá dearbhú tugtha ag an gCoimisiún, ina dtugtar dá aire an comhdhearbhú ón bhFrainc agus ón nGearmáin. Is féidir teacht ar na dearbhuithe sin san iatán faoi iamh.

5. CONCLÚID

Tacaíonn an Coimisiún leis na torthaí a tháinig ón gcaibidlíocht idirinstiúideach agus is féidir, dá thoradh sin, glacadh le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh chun leanúnachas na scéime a chinntiú suas go dtí 2013.

IARSCRÍBHINN

Dearbhú ón gCoimsiún

Maidir leis an togra ón gCoimsiún i ndáil le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle maidir le táirgí bia a dháileadh ar na daoine is díothaí san Aontas, tugann an Coimsiún dá aire na hathpléití sa Chomhairle inar chuir mionlach blocála de shé Bhallstát i gcoinne an togra.

Tugann an Coimsiún dá aire freisin an comhdhearbhú ón bhFrainc agus ón nGearmáin, lenar dhearbhaigh an dá tír,

- go n-aontaíonn siad go leanfaidh siad leis an gclár le haghaidh idirthréimhse a chríochnóidh gan aon eisceacht an 31 Nollaig 2013 d'fhonn ligean d'eagraíochtaí carthanacha a úsáideann an clár reatha sna Ballstáit an staid nua a chur san áireamh.
- go gceapann siad nach bhfuil na coinníollacha comhlíonta le go ndéanfadh an Coimsiún togra maidir le clár nua le haghaidh tréimhse iar-2013 agus a bheadh le glacadh ag an gComhairle.
- nach féidir leo aontú le tograí dlíthiúla agus airgeadais ón gCoimsiún i ndáil le clár mar sin sa todhchaí.

Tugann an Coimsiún dá aire tuairim ó ghrúpa suntasach de Ballstáit gan leanúint leis an gclár i ndiaidh 2013 agus chun Rialachán an AE maidir leis an CEM Aonair agus an Creat Airgeadais Iibhliantúil 2014-2020 a leasú dá réir sin.

Gan dochar don cheart tionscnaimh atá aige faoin gConradh, tabharfaidh an Coimsiún dá aire gur cuireadh go láidir anseo i gcoinne aon chláir mar sin i ndáil le togra dlíthiúil agus airgeadais a d'fhéadfadh bheith ann sa todhchaí.

Comhdhearbhú ón bhFrainc agus ón nGearmáin

Braitheann rialachán an AE maidir le táirgí bia a dháileadh ar na daoine is díothaí san Aontas ar dháileadh táirgí ó stoic idirghabhála an Aontais, agus, ar bhonn sealadach, ar cheannacháin ar an margadh a chuirtear leis na táirgí sin Is é an toradh atá ar na hathbhreithnithe a rinneadh ar an CBT agus ar fhorbairtí an mhargaidh go bhfuil laghdú de réir a chéile tagtha ar na stoic idirghabhála, agus ar réimse na dtáirgí atá ar fáil.

Ag aithint a thábhachtaí atá obair na n-eagraíochtaí carthanacha sna Ballstáit a úsáideann an clár reatha, aontaíonn an Fhrainc agus an Ghearmáin go leanfaidh siad leis an gclár le haghaidh idirthréimhse a gcuirfead deireadh dearfa leis an 31 Nollaig 2013 d'fhonn ligean do na heagraíochtaí sin an staid nua sin a chur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, fáiltíonn an Fhrainc agus an Ghearmáin roimh an malartú leanúnach tuairimí idir a n-eagraíochtaí carthanacha.

I bhfianaise an idirphlé sa Chomhairle, áfach, ceapann an Fhrainc agus an Ghearmáin nach bhfuil na coinníollacha comhlíonta le go ndéanfadh an Coimsiún togra maidir le clár nua le haghaidh tréimhse iar-2013 agus a bheadh le glacadh ag an gComhairle. Is é sin an fáth nach

féidir leo aontú le tograí dlíthiúla agus airgeadais ón gCoimisiún i ndáil le clár mar sin sa todhchaí.